Ollscoil na Gaillimhe
University of Galway

An teanga agus oidhreacht na namhrán i dToraigh

Title	An teanga agus oidhreacht na namhrán i dToraigh
Author(s)	Ó Laoire, Lillis
Publication Date	2016
Publisher	Éigse Cholm Cille

An Teanga agus Oidhreacht na nAmhrán i dToraigh

Lillis Ó Laoire, Ollscoil na hÉireann, Gaillimh

Tá ceisteanna teanga agus oidhreachta i gceartlár an aonaigh ar fud an domhain sa lá inniu. Cluinimid go rialta go bhfuil suas le trí mhíle teanga den sé mhíle atá ar marthain ar fud na cruinne inniu i mbaol a gcaillte in am ghairid.[1] Chomh maith leis an chogadh armtha atá ar siúl, tá cogadh idé-eolaíochta le braith idir an Domhan Thiar agus an Domhan Thoir, bunaithe ar a dtuiscintí éagsúla ar eitic, ar mhóráltacht agus ar fhorbairt an domhain. Tá ceist na forbartha féin i gcroí lár aon díospóireachta a dhéanfar ar ghnoithe teanga agus oidhreachta amháin. Tá an focal "cultúr" á lua le go leor den na díospóireachtaí sin fosta. [2]

Meafar talmhaíochta is bun don fhocal cultúr, is é sin, an aire agus an cúram a bheirtear do bharraí ó théid siad i dtalamh nó go mbíonn siad aibí, le bheith cinnte go dtiocfaidh toradh fiúntach orthu[3]. Glactar leis an chúram agus leis an aire seo mar riachtanais nach mbeadh mórán de fhómhar ag an fheirmeoir gan iad. Ach ar dhóigh, níl an meafar sin freagrach don tuigbheáil a bhí ag daoine ar a gcultúr féin san am a chuaigh thart. Féadaim a rá nár smaointigh daoine beag ná mór go minic ar an fhocal cultúr, mar rud ann féin. Ghlac siad leis go raibh dóigh áirithe ann le cineálacha éagsúla oibre a dhéanamh agus iompair áirithe a chur i gcrích, gnáis a leanadh den chuid is mó agus a dtiocfadh athrú air de réir a chéile, de réir mar a fuarthas níos mó eolais fá dhóigheanna a b'fhearr ná iad. Bhain sé le gach gné den saol ach má bhain, níor ceistíodh é an oiread sin nó gur tharraing lucht bailithe an bhéaloidis aird air.[4] Nuair a tháinig athrú mór coinníodh sa tseanchas é – an lá a tháinig an chéad tae, nó an chéad charr, nó an chéad bhád innill agus mar sin de chun an phobail.[5] Mhéadaigh luas an athraithe in imeacht na mblianta go dtí an lá inniu nuair a deir go leor daoine go bhfuil an saol ag dul thart "ar

---

[1]Daniel Nettle & Susan Romaine. 1999. *Vanishing Voices: The Extinction of the World's Languages.* (Oxford: Oxford University Press), 8-10.

[2] John Walsh. 2011. *Contests and Contexts: The Irish Language and Ireland's Socio-Economic Development*. (Bern: Peter Lang).

[3] A.L. Kroeber and Clive Kluckhohn. *Culture: A Critical Review of Concepts and Definitions.* Papers of the Peabody Museum of Archaeology and Ethnology. (Cambridge MA: Harvard 1952).

[4]Lauri Honko. *The Folklore Process.* (Turku: Folklore Fellows Summer Programme, 1991) 25-47.

[5] Stiofán Ó Cadhla. *An tSlat Feithleoige: Ealaíona an Dúchais 1800-2000.* (Indreabhán: Cló Iar-Chonnacht, 2011,) 199-217 & 218-247.

mire" – is é sin, tuigeann daoine go bhfuil athruithe an tsaoil ar shiúl óna smacht féin, agus is ionann sin do go leor daoine agus an saol a bheith ar buile.

Is sa chomhthéacs seo is dóigh a thig an focal "cultúr" in úsáid. Dar ndóigh, chan seanfhocal dúchasach sa Ghaeilge é, ach ó tharla go bhfuil muid á úsáid sa lá inniu, caithfidh sé go bhfuil feidhm againn leis – go bhfuil orainn ceisteanna a bhaineas don "chultúr" a chíoradh. Ar bhealach, creidim go dtiocfadh linn a rá go bhfuil an cultúr cosúil le habhainn a mbíonn an t-uisce de shíor ina rith tríthi, ach a mbíonn cuma uirthi nach bhfuil athrú ar bith mórán ag teacht uirthi [6]. Más féidir an cultúr a chur i gcosúlacht abhanna, agus más féidir a rá go bhfuil luas an athraithe san abhainn seo ag méadú, is féidir a rá fosta go bhfuil an abhainn ina tuile.

Is ag díriú ar an oidhreacht neamhabhártha nó an oidhreacht bhéil, an rud a dtugann UNESCO "*Oral and Intangible Heritage*" air, a bheas mise sa pháipéar seo, agus mar atá ag éirí linn gnéithe den oidhreacht sin a chosaint go buan, a spreagadh agus a fhorbairt, i bhfianaise na n-athruithe seo ar thrácht mé orthu. Áiríonn UNESCO teangacha atá faoi bhagairt mar chuid den oidhreacht neamhábharach seo.[7] Sílimse go bhfuil an ghné seo den oidhreacht ar an chuid is bunúsaí ar fad den chultúr as siocair, arís, go ndéantar talamh slán di. Is annamh a smaoiníonn daoine ar theanga agus ar na healaíona teanga mar "oidhreacht" – tá claonadh ann díriú ar fhoirgneamh nó ar iarsmaí

---

[6] Ulf Hannerz. *Cultural Complexity. Studies in the Social Organization of Meaning:* (New York: Columbia University Press 1992,) 3.

[7] http://www.unesco.org/culture/ich/index.php?lg=en&pg=00002. Ceadaíodh 19/11/2012.
Féach an sainmhíniú a thugtar ar chultúr neamhtheagmhála:
For the purposes of this Convention,
1. The "intangible cultural heritage" means the practices, representations, expressions, knowledge, skills – as well as the instruments, objects, artefacts and cultural spaces associated therewith – that communities, groups and, in some cases, individuals recognize as part of their cultural heritage. This intangible cultural heritage, transmitted from generation to generation, is constantly recreated by communities and groups in response to their environment, their interaction with nature and their history, and provides them with a sense of identity and continuity, thus promoting respect for cultural diversity and human creativity. For the purposes of this Convention, consideration will be given solely to such intangible cultural heritage as is compatible with existing international human rights instruments, as well as with the requirements of mutual respect among communities, groups and individuals, and of sustainable development.
2. The "intangible cultural heritage", as defined in paragraph 1 above, is manifested inter alia in the following domains:
(a) oral traditions and expressions, including language as a vehicle of the intangible cultural heritage;
(b) performing arts;
(c) social practices, rituals and festive events;
(d) knowledge and practices concerning nature and the universe;
(e) traditional craftsmanship.

ábhartha go háirithe den am atá caite. Ach is í an teanga an suíomh ina bhfuil cuid mhaith de bhuntuiscintí aon chultúir neadaithe – ainneoin nach scrúdaítear é sin ar aon bhealach cuimsitheach. Mar atá ráite ag an fhealsamh Ghearmánach Gadamer:

> "Linguistic tradition is tradition in the proper sense of the word – i.e. something handed down. It is not just something left over, to be investigated and interpreted as a remnant of the past. What has come down to us by way of verbal tradition is not left over but given to us, told us—whether through direct retelling, in which myth, legend, and custom have their life, or through written tradition, whose signs are, as it were, immediately clear to every reader who can read them" [8]

Díríonn an sliocht sin aird ar an dóigh a gcuirtear an teanga ar aghaidh ó ghlún go glún agus gur trí mheán na teanga a chuirtear ar aghaidh seanchas agus scéalaíocht. Go minic, cuirtear an teanga ar aghaidh trí mheán na scríbhneoireachta fosta. Tá idéalachas ag baint le sliocht seo Ghadamer, mar, dar ndóigh, ní thugann sé aird ar chásanna mar atá againn in Éirinn, agus i gceantair ar fud an domhain chláir – go bhfuil teanga amháin faoi bhrú ag fás agus ag neart teanga eile. Ní suíomh annamh é se ar chor ar bith go háirithe i measc an 4 faoi gcéad de dhaonra an domhain a labhraíonn 60 faoin gcéad dá chuid teangacha.[9] Sin an suíomh a gcaithfear aird a dhíriú air in aon mheastachán atá le déanamh ar an cheangal idir teanga agus oidhreacht. Fágann sé go gcaithfidh bealaí úra cliste a bheith againn le teacht thart ar an deacracht dhúshlánach a bhaineas le bheith ag iarraidh soitheach na hoidhreachta a chosaint ó dhíothú.

Ba mhaith liom díriú beagán ar an luach a shílim a bheith le gné amháin den oidhreacht bhéil – amhráin Ghaeilge phobal Thoraí. Go dtí an lá inniu, tá stór láidir de amhráin Ghaeilge i dToraigh. Bhí amhráin Bhéarla acu fosta, agus go deimhin is é an tsuim a bhí ag muintir Thoraí in amhráin, ba chuma cén teanga a bhí iontu a chuidigh leis na hamhráin sin fréamhú agus scaipeadh ar an oileán. Bhí aeráid chultúrtha agus suíomh i dToraigh a chuir fáilte roimh nuaíocht, roimh sheanchas, roimh scéalta sean agus úr, agus roimh phortanna agus amhráin fosta. Cuid acu nár mhair i bhfad siocair nár cuireadh suim iontu agus cuid eile a fuair greim ar shamhlaíocht na ndaoine agus a scaip idir shean agus óg ar fud an oileáin.

---

[8] Hans-Georg Gadamer. *Truth and Method.* (New York: Continuum 1989.) 389-90

[9] Daniel Nettle & Susan Romaine *Vanishing Voices: The Extinction of the World's Languages.* (Oxford: Oxford University Press), ix.

Ceann de na hamhráin sin, "Is trua nach bhfuil mé in Éirinn" atá inniu ar cheann de na hamhráin is aitheanta i dToraigh. Ach is san fhichiú haois a chuaigh an t-amhrán isteach chun oileáin. De réir mar a insíodh domhsa is í Neilí Ní Mhianáin, Neilí Shéamais Bháin, a bhí ag obair i mBaile Chonaill sna fichidí a thug an t-amhrán isteach. Chuala sí an t-amhrán ó dhuine eile a bhí ag obair léi as Léana na bhFeadóg os cionn bhaile an Fháil Charraigh ar an Dún Mhór. Thóg sí an t-amhrán agus bhí sé léi go Toraigh. Feidhmíonn foinse an amhráin mar chineál de údar don amhrán, is é sin go bhfuil an áit a bhfuarthas é chomh tábhachtach le scéal an amhráin féin. Dar ndóigh tá an tuiscint chéanna seo le tabhairt faoi deara i dtaca le hamhráin eile de chuid Thoraí.[10] In imeacht na mblianta, chuaigh an t-amhrán i bhfeidhm ar phobal an oileáin sa chruth agus go bhfuil sé ar cheann de na hamhráin is mó a bhfuil eolas air inniu. De réir scéil an amhráin, fear ar cuireadh coir ina leith nuair a bhí sé thall i Meiriceá atá ag caint san amhrán. Tá tuairim ann gur ionsaí gnéis b'fhéidir a cuireadh ina leith. Séanann sé féin go raibh baint ar bith aige don drochghníomh a rinneadh, ach is cosúil nach bhfuil saoirse i ndán dó. Is fiú téacs iomlán an amhráin a thabhairt anseo mar a fuarthas é ó amhránaithe éagsúla i dToraigh [11].

Is trua nach bhfuil mé in Éirinn san áit ar tógadh mé i dtús mo shaoil
Ná faoi bhruach na Binne Móire ná ag an Éirne lena taobh
Sin an áit a bhfaighinn t-aos óg ann, a thógfadh an brón seo is an tuirse díom
Is dá mbeinn bliain eile arís níb óige go mbeinn ag gabháil leofa arís

Cheannóchainn garradh dá n-éireochadh liom
Chuirfinn mustard bhreá aird ann agus bláth bán ar chrann
Chuirfinn síol coirce, síol eorna, síol a ndéantar dó'n lionn

---

[10] Féach Lillis Ó Laoire, 2002, *Ar Chreag i Lár na Farraige: Amhráin agus Amhránaithe i dToraigh.* (Indreabhán: Cló Iar-Chonnacht,) 86-8.

[11]Eoghan Ó Colm,. g.d. *Bailiúchán Amhrán as Toraigh.* Baile Átha Cliath: Taisce Cheol Dúchais Éireann, Áine Uí Laoi et.al.. *Seoda Sean-nóis as Tír Chonaill.* Dlúthdhiosca CICD 118. (Indreabhán: Cló Iar-Chonnachta 1996.)

Gurb é síoról na gcartaí a d'fhág an mála ar mo dhroim

Bliain mhór agus an t-am seo bhí mé i mo chónaí i gCnoc a' Sciobóil
Bhí mo theach mór á dhéanamh ag saortha istigh i gCorcaigh
Bhí mo cheann ar bharr spice le gaoth mhór mhór agus le fearthainn
Má tá roinnt agam do Mháire an Phéarla m'anam gléigeal nár thé na bhFlaitheas

Ag gabháil fríd an bhaile ó dheas dom nach mé a bhí lag tinn
Is ar philleadh arís 'na bhaile domh cha rabh duine ar bith liom
Bhí mo mhuintir uilig i gcorraí liom nuair a bímse amuigh go mall
Is go bhfuil a fhios ag mo mhuire mháithrín gur mar seo mar a bhí an geall

Mar éiríos an ghealach, ná mar luíos an ghrian
Ná mar théid an lán mara fá na cuanta seo siar
B'fhearr liom i mo luí i bhfiabhras ná bheith i bpianta móra báis
Ná boltaí a bheith ar mo dhianchorp is cead a bhfáscadh go cruaidh

'Dheartháir, a Rí na Páirte, tabhair mo chás leat uilig 'na bhaile
Mo stocaí agus mo bhróga agus mo chlóca atá dubh daite
Tabhair scéala ionnsair mo mháithrín tá faoi dhólás go mór sa bhaile
Go bhfuil rópa cruaidh cnáibe ag gabháil in áit mo charabhata.

A' gcluin sibh mise a mhná óga, go deo deo i mo dhéidh
Ná bígí ag ól leis na fearaibh óga ná ag creidbheáil a scéil
Seachnaígí i dtigh an óil iad is in gach gábh a mbeidh siad ann
Nó beidh siad arís 'bhur mbréagnú i dtigh na cúirte ag an *ribbage man.*

Is amhrán é seo a bhfuil leaganacha de le fáil ó cheann ceann na hÉireann agus a bhfuil gaol aige le hamhráin mar "Príosún Chluain Meala" ó Chúige Mumhan agus le

hamhrán eile a deirtear i gConnachta dar teideal "Amárach Lá 'le Pádraig" [12]. Is amhráin iad siúd a bhfuil cur síos iontu a bheagán nó a mhórán ar chéim síos an reacaire san amhrán, ar an drochdhóigh atá air. Tá tuiscint ann go bhfuil an dlí atá ag teannadh air éagórach agus gur pionós leatromach atá á ghearradh ar an té atá ag caint. Is é an scéal céanna atá i gceist i leagan Thoraí den amhrán, ach nach in Éirinn atá na himeachtaí suite, ach de réir an scéil i Meiriceá. Tá an tÉireannach faoi ghlas as coir a mhaíonn sé féin nach raibh baint ná páirt aige léi – cailín, Máire an Phéarla, is dócha, a éigniú. Coir throm go leor a thugtar mar chúlra don amhrán agus an fear daortha chun a chrochta dá dhíobháil. Suíomh drámatúil é, agus suíomh a bhfuil teagasc ann chomh maith. Scéal grá a chuaigh in aimhréidh atá i gceist, thiocfaí a rá, scéal den chineál a bhfuil fasaigh go leor ann dó sa Stair agus sa Bhéaloideas. Smaoinímíd mar shamplaí ar scéal Shéamuis Mhic Coitir i gCorcaigh, agus, i gCúige Uladh féin, scéal Shéamuis Mhic Mhurchaidh [13]. Go dearfa, tá cosúlachtaí ag an amhrán seo le "Séamus Mac Murchaidh" an t-amhrán mór le rá sin deirtear go fóill. Mar sin de, tá léiriú ar staid chorrach stair na tíre san amhrán agus sa seanchas a bhaineann dó. Is ionann agus insintí neamhoifigiúla ar an stair an plé agus an chaibidil a dhéantar air agus ar amhráin eile dá shórt.

Mar sin, bheir an t-amhrán léargas ar an rud ar a dtugann Guy Beiner "a complex and decentralized historical model" air[14] (Beiner 2007, 169). Is stair phobail é a fhaibhríonn amach as cuimhne dhuibheagánach na muintire, agus ba chuid dhílis de chaitheamh aimsire agus de chomhrá na ndaoine ar fud na hÉireann a leithéid de chíoradh agus de dhíospóireacht [15].

---

[12] Féach Margaret Hannigan & Séamus Clandillon, 1925. *Londubh An Chairn: Songs of the Irish Gaels* (Oxford: Oxford University Press,) 44, áit a bhfaighfear leagan de "Príosún Chluain Meala." Tá leagan de "Amárach Lá 'le Pádraig" le fáil ar *Seosamh Ó hÉanaí, Ó Mo Dhúchas, Sraith 1 & Sraith 2,* (Baile Atha Cliath, Gael Linn,) 2007, Ceirnín 1, Traic 10.

[13] Colm Ó Baoill,. eag. 2009 *Amhráin Chúige Uladh.*(Indreabhán: Cló Iar-Chonnacht 1997), Breandán Ó Buachalla, "The Making of a Cork Jacobite." *Cork: History and Society.* (Dublin: Geography Publications, XX_XX 1993)., Pádraigín Ní Uallacháin,. *A Hidden Ulster.* (Dublin: Four Courts 2003). Is fiú chomh maith scéal cáiliúil Sheosaimh Mhic Grianna, "Séamus Mac Murchaidh" i gcló in Seosamh Mac Grianna 1936, *Pádraig Ó Conaire agus Aistí Eile* (Baile Átha Cliath: An Gúm), a chur san áireamh anseo.

[14] Guy Beiner, *Remembering The Year of the French.(*Madison:University of Wisconsin Press. 2007) 169

[15] Ibid 81-85

Ach má tá gaol idir na hamhráin seo, ar láimh amháin, a cheanglaíonn na téacsanna dá chéile mar chuid d'aon ghréasán mór d'oidhreacht bhéil na hÉireann, agus na hAlban dá n-abrainn é, tá suim agamsa anseo sna tréithe sin a chuireas in iúl féiniúlacht agus sainaitheantas speisialta Thoraí. Is féidir a mhaíomh go bhfuil na tréithe seo le tabhairt faoi deara san amhrán ar an chanúint féin, ar stíl an cheoil agus ar an scéal atá leis an amhrán. Tá ciall leis na gnéithe seo uilig astu féin, gan iad a cheangal le Toraigh ar chor ar bith, ach tá siad snadhmtha fosta le haitheantas speisialta Thoraí, ar mhéad agus dúradh an t-amhrán seo ag coirmeacha éagsúla in imeacht na mblianta. Fágann cleachtadh agus athchleachtadh an amhráin go bhfuil sé ar eolas ag muintir an oileáin, fiú mura mbíonn ann ach gur féidir leo an t-amhrán a leanúint go furast nuair a éisteann siad leis. Ciallaíonn sé go n-aithníonn siad gur cuid dá n-oidhreacht féin é, go snadhmann sé nasc pobail eatarthu nuair a deirtear an t-amhrán i lúb cruinnithe de chuid an oileáin; gur mó agus gur tábhachtaí go mór na cialla is féidir a fháscadh as an amhrán dá thairbhe sin, ná díreach as an téacs lom amháin.

Is de réir na sraitheanna brí seo is féidir sainmhíniú a dhéanamh ar thraidisiún oidhreachta agus teanga mhuintir Thoraí agus a dtuiscint orthu féin mar phobal ar leith, a bhfuil a scéal agus a stair féin acu. Deir Lauri Honko gurb ionann an t-aitheantas grúpa nó pobail seo agus:

> ...a set of values, symbols and emotions joining people, through constant negotiation, in the realization of togetherness and belonging [16].

Mar sin de, mar atá ráite ag Anthony Cohen [17], is sna siombailí a ghearras críoch idir grúpa amháin agus grúpa eile is láidre a fheictear tuiscint agus aithne an phobail orthu féin. Níl mé ag maíomh gurb é sin an t-aon bhrí atá ag na hamhráin seo ach is cinnte go bhfuil tábhacht leis an tuiscint seo. Anuas ar a mbrí mar shiombailí aitheantais, tá an pháirt atá acu san argáil shíoraí a bhíos ar siúl in aon phobal, gach duine ag iarraidh a dhéanamh amach gurb aige féin atá an ceart agus an leagan is fearr. Má bhíonn beagán den mhórtas i gceist i gcaibidil mar seo in amanna, déarfainn go bhfuil sé ar cheann de na

---

[16] Lauri Honko "Traditions in the Construction of Ethnic Identity and Strategies for Ethnic Survival. *European Review,* 1995. 3:2, 131-146. 134

[17] Anthony Cohen,. *The Symbolic Construction of Community.* (London: Routledge 1985).

cáilíochtaí atá riachtanach i bpobal oileáin mhara lena misneach agus lena ndóchas a choinneáil in uachtar. Cuidíonn an misneach agus an dóchas seo leo aghaidh a thabhairt ar an saol agus ar na deacrachtaí a bhaineann le bheith ag mairstean ar oileán sa lá inniu a shárú. Níl léiriú is glinne le fáil air sin ná mar atá ag Róise Uí Ghrianna, as Árainn Mhór, sa leabhar a scríobh Pádraig Ua Cnáimhsí ar a saol, Róise Rua agus atá pléite agam in áit eile [18].

Tá an diospóireacht phobail seo, dar liom, ar cheann de na tréithe is láidre a léiríos brí agus beatha an phobail, agus ní díospóireacht é faoin tseanaimsir ach oiread ach ceann atá suite i gceartlár na nua-aimsearthachta, agus a dhéanann iarracht i gcónaí an pobal a mhíniú dóibh féin ina dtéarmaí féin, in aghaidh na bhfórsaí sin a imríos tionchar ar a ndóigh beatha agus ar a saol. 'Modern dialogue' atá i gceist leis an chuid seo den 'traidisiún', rud a chuireas béim ar an aimsir láithreach agus ar an am atá le theacht [19]. Tacaíonn dearcadh an fhealsaimh Gadamer leis an tuairim seo:

> In a tradition this process of fusion is continually going on, for there old and new are always combining into something of living value, without either being explicitly foregrounded from the other[20].

Mar sin de, ní hé ualach na staire, nó na haimsire caite, is brí leis an traidisiún agus leis an oidhreacht, ach an dóigh a measctar an rud a chuirtear ó ghlúin go glúin leis an nuaíocht is dual do athrú an ama. Is cinnte go mbaintear feidhm as amhráin agus as gnéithe eile den oidhreacht chultúrtha le brí a chur i gcomhrá an phobail le chéile, ach ní chiallaíonn sé sin go bhfuil an pobal gabhte ag an aimsir chaite. Is é rud atá agallamh síorraí ar siúl idir caite, láithreach agus go háirid leis an am atá amach romhainn. Mar sin de, ní balláiste mharbh, gan bhrí, atá sa 'traidisiún' i dtaca le dearcadh mar seo de, ach modh nua-aimseartha 'modern', mar a déarfá, le seasamh an duine aonair agus an phobail a thomhas. Ag amharc air ón taobh sin de, is féidir dearcadh ar na hamhráin agus ar ghnéithe eile den oidhreacht, idir ábhartha agus neamhábhartha, agus ar an díospóireacht

---

[18] Lillis Ó Laoire,.. "Augmenting Memory, Dispelling Amnesia: The Songs of Róise Uí Ghrianna." *Dublin Review of Books* 17 (Geimhreadh/Earrach 2011). www.drb.ie

[19] Sharon MacDonald,.. *Reimagining Culture: Histories, Identities and The Gaelic Renaissance.* (Oxford: Berg 1997.)

[20] Hans-Georg Gadamer,. *Truth and Method.* (New York: Continuum 1989). 306

a leanas dóibh ar bhealaí le meon pobail a chuimsiú agus a léiriú - a strategy to produce community [21].

Sa ghníomhaíocht bhéil, sa chomhrá, sa ghearradh cainte, san argáil, sa tseanchas, sa sceálaíocht, san amhránaíocht, sa cheol agus sa damhsa a mhaireas go leor, leor, d'oidhreacht na ndaoine, rud a nochtann an buncheangal atá idir an teanga agus an oidhreacht[22]. Tá an oidhreacht seo faoi bhrú mór faoi láthair ag fórsaí na n-athruithe a bhfuil an chuma orthu go bhfuil siad ag bailiú luais in aghaidh an lae. Sháraigh Toraigh gábh a bhánódh an t-oileán roimhe seo. Sna hochtóidí, bhí polasaí cinnte ag an Chomhairle Condae agus ag eagraíochtaí agus ranna eile de chuid an Stáit, pobal an oileáin a aistriú go dtí an tír mór. Argóint eacnamaíoch ba bhun den réasúnaíocht a bhí ar chúl an pholasaí seo – is é sin go raibh barraíocht costais le bheith ag coinneáil an phobail ar an oileán agus gur shaoire agus gurbh fhearrde go mór do na daoine é, dá dtabharfaí ionaid chónaithe ar tír mór dóibh. B'fhusa seirbhísí riachtanacha a chur ar fáil, b'fhusa oideachas a fháil, b'fhusa achan rud a dhéanamh. Argóint chumhachtach a bhí inti agus is beag nár bánaíodh an t-oileán de thairbe gur dheacair cur ina héadan. Ach san am sin, bhí na daoine ábalta neart a bhailiú agus cur diúltú don aistriú. Níor éirigh leis an iarracht seo amach is amach, ach níor éirigh le fórsaí an Stáit an t-oileán a bhánú ach oiread. Bhain an pobal leas as ceann de na hacmhainní ba saibhre a bhí ina seilbh – ó thaobh siombalachais de ar chuma ar bith – lena gcás a throid, agus lena gcearta a bhaint amach. Dálta go leor pobal dúchasach eile ar fud an domhain san am agus ó shin, d'úsáid siad a gcultúr sainiúil oileánda réigiúnach le aird náisiúnta agus idirnáisiúnta a tharraingt ar a ngéarchéim. San am sin, tháinig iriseoirí as gach cearn den domhan le hailt a scríobh agus cláir a dhéanamh faoi Thoraigh. Chuir an aird dhearfach a d'éirigh leis an phobal a tharraingt orthu féin san am brú ar an Stát, mar go bhfacthas do go leor, gur polasaí diúltach a bhí á leanstan acu, agus d'ainneoin argóint an airgeadais a bheith ar a dtaobh, go raibh luachanna cultúrtha go trom ina éadan.

---

[21]Sharon MacDonald,.. *Reimagining Culture: Histories, Identities and The Gaelic Renaissance. (*Oxford: Berg 1997). 213

[22] Guy Beiner,.. *Remembering The Year of the French.*(Madison: University of Wisconsin Press 2007). 81-85

Dar ndóigh, sa chás seo, níor thaisme ar bith é gur ar íomhánna a chuir pobal eile oileánda ar fáil a bunaíodh cuid mhór de mhiotaseolaíocht an Stáit seo i dtús ama. Baineadh leas cinnte as leabhair an Bhlascaoid sna tríochaidí agus sna daicheadaí le híomhá áirithe d'Éirinn a chur chun tosaigh go hidirnáisiúnta. Bhí an íomhá seo bunaithe go háirithe ar leabhar Thomáis Uí Chriomhthain, *An tOileánach*. Íomhá laochúil, arcaitípeach den duine mar nasc sa phobal, agus é ag streachailt leis an tsaol iarraidh slí bheatha a bhaint amach, d'ainneoin doininne agus tubaistí uafásacha. Maireann an íomhá thuaithe sin i bhféintuiscint stairiúil an Stáit i gcónaí, más go neamhchomhfhiosach féin é. Go deimhin, is féidir a rá go raibh an Stát ciontach sa méid agus gur mhóraigh siad an íomhá seo ar láimh amháin agus go dtearn siad leacht náisiúnta de, ach san am chéanna gur lig siad don imirce agus don chruatan bua a fháil ar an phobal bheo a mhair ann. Cé gur breá agus gur iontach an ceiliúradh atá déanta ar phobal an Oileáin in Ionad Oidhreachta an Bhlascaoid i nDún Chaoin, ar an láimh eile tá íoróin an-ghéar ag baint leis. Bhí Brian Ó Nualláin ar dhuine den chéad mhuintir a dhírigh aird ar an chaighdeán dúbailte seo ina shaothar *An Béal Bocht*, leabhar atá chomh tábhachtach inniu agus a bhí sé nuair a céadfhoilsíodh é i 1941.[23]

Mar sin de, nuair a tharraing muintir Thoraí aird orthu féin agus ar a gcás trí mheán an chultúir dhúchais, bhí siombail thar a bheith láidir, cumhachtach acu, ar éirigh leo leas dearfach a bhaint as mar thaca lena gcás féin. Rinne na daoine seo trí mheán drámaíocht, amhránaíocht agus ceol uirlise a thabhairt in áiteacha a bhfeicfí iad. Bhain Séamas Ó Dúgáin comórtas na bhfear ag an Oireachtas i 1981, rud a thug spreagadh don pobal. Lean sé air ag cur isteach ar na comórtais go ceann cúpla bliain ina dhiaidh sin, agus ba sna comórtais sin ar Raidió na Gaeltachta a tháinig mise trasna ar chuid amhrán Thoraí "beo", mar déarfá, an chéad uair. Is é an léiriú sin, a thug deis éisteachta domsa, agus a spreag mo shuimse a chéad uair agus a thug orm leanstan de sin agus staidéar níos doimhne a dhéanamh orthu.

Go luath sna hochtóidí, nuair a tharla an t-aistriú, níor imigh as an oileán ach cuid den phobal. An mhuintir a d'fhan, d'éirigh leo soláthar agus caighdeán seirbhísí a bhaint amach nach bhfacthas a leithéid riamh roimhe i dToraigh. Tá ionad úr sláinte, siopa, halla pobail agus an rud is tábhachtaí ar fad b'fhéidir, Coláiste Pobail, a ligeas

[23]Myles Na Gopaleen,. *An Béal Bocht.* (Corcaigh: Mercier 1997 [1941]).

d'aos óg an oileáin oideachas Ardteiste a fháil. Trí mheán na Gaeilge a chuirtear a gcuid oideachais ar fáil do na daltaí, gan an mhíshocrach agus an chumha orthu a chuir as do dhaoine eile rompu arbh éigean dóibh aghaidh a thabhairt ar an tír mór le hoideachas meánscolaíochta a fháil.

D'ainneoin an fheabhais seo go léir, tá an díospóireacht fána bhfuil i ndán don oileán bríomhar i gcónaí. Tá go leor a mhaíonn gur cur amú airgid an soláthar seirbhísí seo go léir agus nach bhfuil a dhath déanta acu a shaothraigh an leibhéal sin seirbhísí dóibh. Baintear úsáid as na hargóintí ceanann céanna a bhí mar bhunús ag na húdaráis fiche bliain ó shin, nuair a bhí na hiarrachtaí an pobal a aistriú go dtí an tír mór ar siúl. Caithfidh an mionlach cloí le béasa an tromlaigh. Níl ann ach "ciall." Ach le tamall de bhlianta anuas, tá argóintí láidre ag teacht chun cinn ar an taobh eile den scéal, a chuireann in éadan an chineál seo saobhchéille agus bunús maith eacnamaíoch leo. De réir na hargóna seo, bhí sé de laige riamh ar ghníomhaithe ar son chultúr agus teanga na mionlach nach raibh siad ábalta praghas a chur ar an rud a bhí siad a chosaint, ainneoin gur mhaígh siad i gcónaí go raibh saibhreas agus luach mór ag baint leis. Go dearfa, ba mhinic a bhí col ag gníomhaithe cultúrtha roimhe seo le luachanna an mhargaidh, agus nuair a thrácht siad féin ar an fhocal saibhreas, ba í an ghné spioradálta de shaol na ndaoine ar leag siad tábhacht uirthi. Ach tá malairt tuairime ar dhaoine i ré seo an domhandaithe. Ní ghéilltear an chnámh sa díospóireacht ar an nua-aimsearthacht do naimhde na gcultúr lag. Dar leis an Eilbhéiseach, an tOllamh François Grin, go sábhálann lucht mionchultúr agus teanga an t-uafás airgid ar an mhórchultúr ar mhéad na n-iarrachtaí a níonn siad leis an mórtheanga a fhoghlaim. Is é sin, cuireann siad iad féin in oiriúint ar a gcostas agus ar a n-am féin, rud a spárálann a mhacasamhail d'iarrachtaí ar mhuintir an mhórphobail. Cé go ndéan lucht na dteangacha eile an iarracht seo, is beag aitheantas a bheirtear don méid acmhainní a shábhálas siad ar chainteoirí na teanga ceannasaí. Is fán Bhéarla gan amhras atá an tOllamh Grin ag caint go príomha, agus deir sé –

> 'the rest of the world is, through language, indirectly subsidising US investment in research, and transfers of this kind are perfectly relevant concerns for economic inquiry. ...contrary to what many people confidently assert, it is not the case that through promotional measures in favour of small languages, majorities are paying

> for minorities. In fact, because of the very fact that majority languages play a hegemonic role, it is still the case that, most of the time, minorities are paying for majorities[24].

Tugann an réasúnaíocht seo tacaíocht d'iarrachtaí a dhéantar leis an Ghaeilge agus a cultúr a chosaint. Agus sinn ag maíomh as saibhreas cultúrtha agus teanga agus as an luach ábhartha is féidir a leagan air, séantar ar bhealach lipéad UNESCO gur gné 'intangible' nó neamhtheagmhála atá ann. Cuireann taighde Grin luach cinnte i dtéarmaí crua cadránta an mhargaidh ar a leithéid seo de chultúir agus teanga.

Ach cén bhaint atá aige seo uilig le Toraigh? Is dóigh liom go léiríonn an troid a chuir muintir Thoraí suas in éadan feachtas an aistrithe sna hochtóidí an luach a leagann siad féin ar an tsaol 'istigh', agus ní shílim gur taisme ar bith é ach oiread gur 'isteach' go Toraigh a théann duine. Léiríonn sé dearcadh a dhearbhaíonn gurb é an t-oileán an lárphointe**,** an áit atá tábhachtach, ainneoin go bhfuil sé fosta ar an imeall. Nuair a deir an cainteoir Béarla 'going out to Tory' cuireann sé an tuiscint seo as a riocht. Tá an t-oileán ar an imeall sa tuiscint sin, agus is furast laghad a thábhachta a léiriú leis an úsáid shimplí theanga seo. A mhalairt atá fíor san úsáid cheart Ghaeilge, agus is díol suime go n-úsáidtear an leagan cainte céanna in oileáin eile ar fud Éireann, cuirim i gcás in Árainn agus sna Blascaodaí fosta.

Ná creideadh aon duine nach bhfuil meas agus gean ag pobal Thoraí ar a n-oidhreacht. I staidéar a rinne Nuala Bryce[25] i ndeireadh na n-ochtóidí, luaigh sí gurbh é an cultúr agus an áit féin a d'fheidhmigh mar mhaighnéad ag coinneáil na ndaoine dílis daingean don oileán agus á mealladh ar ais nuair a d'imíodh siad ar chúiseanna eacnamaíochta. Léiríonn Grin mar sin, nach bhfuil feidhm dúinn gean agus meas an dúchais a scaradh ón leas coiteann eacnamaíochta ach oiread. Tuigeann muintir an oileáin é seo. Ceann de na díospóireachtaí is treise faoi láthair ar fud na tíre i measc lucht na Gaeilge é cás sheachadadh na Gaeilge mar theanga baile, agus ní taise do Thoraigh é. Agus mé ag déanamh moltóireachta ar Fheis na nÓg ar an oileán i mí na Bealtaine 2005,

---

[24] Francois Grin,.. "From Antagonism to Convergence: Economics and Linguistic Diversity." In Kirk and Ó Baoill, 2003 213-223.

[25] Nuala Bryce,.. *An Irish Island's Sense of Place.* (Tráchtas M.A. Ollscoil Dhún Éideann)1989.

bhain cuid de na breithiúnais phríobháideacha a tugadh stangadh asam. Aithníodh nach raibh foghraíocht na Gaeilge mar bhí sé ag an bhunadh óga agus dar leo go bhfuil 'blas bog an Bhéarla' ag díbirt na bhfuaimeanna dúchasacha. Dúirt duine amháin ar a laghad go ngortaíonn a leithéid iad. Lagaíonn sé an ceangal idir an duine an áit agus an teanga. Tá an Fheis ar an fhód ó bhí an bhliain 2001 ann anois agus í ag coinneáil a cuid féin. Tháinig feabhas ar bhlas na Gaeilge i measc na n-óg le cleachtadh. Leathnaíodh an Fheis le deis a thabhairt do dhaoine fásta páirt a ghlacadh inti agus anois bíonn gach glúin ó liath go leanbh rannpháirteach ann. Bhí rath ar leith ar an ócáid sa bhliain 2010, ach chuir an drochaimsir moill ar ócáid na bliana 2011. Bhí aimsir mhaith ann in 2012 arís. Bíonn gach bliain difriúil agus líonann an fheis agus tránn sí mar bheadh an seol mara ann.

Ní thiocfaidh an seansaol ar ais, ach mairfidh an saol atá ann tamall eile. Mar sin féin, d'ainneoin na ndeacrachtaí caithfear dóchas a choinneáil. Caithfear an cúiteamh a imirt leis na pobail bheaga a bhfuil an oiread sin i mbaol a chaillte acu. Caithfear an teicneolaíocht agus na scileanna a ghabhann leis a chur ar fáil do na daoine óga le go mbeidh ar a gcumas a ndúchas a shealbhú agus a chaomhnú. Caithfear an méid a bhailigh daoine ón phobal le trí ghlúin anuas a thabhairt ar ais. Má tá brí ar bith le hAcht na dTeangacha oifigiúla, beidh ar a chumas forbairt nó go gcuirfidh sé tús leis an aistriú seo chomh maith leis an aistriú ar chaipéisí rialtais. Sa chás seo caithfear a lua gur bhain aos óg Thoraí an gradam don fhíseán is fearr i gcomórtas de chuid TG4 sa bhlian 2004 agus go bhfuil duaiseanna go leor eile bainte amach acu in imeacht na mblianta. Is fiú tógáil ar na scileanna seo i dteicneolaíocht an eolais, teicneolaíocht na fuaime agus na físe le forbairt agus sláinte chultúrtha an phobail a chinntiú agus a bhuanú. Mar a deir gníomhaí amháin a bhfuil tuiscint ar leith aige ar theangacha agus ar oidhreachtaí atá faoi chontúirt:

> At the end of the day, only the answers given by the people themselves will determine what happens to their community. That is where collaboration...must move into the community. There it becomes even more compelling, and even more complicated. But ultimately it is where we [as scholars and heritage professionals] must be most deeply involved [26].

[26] J. Edward Chamberlin & Levi Namaseb. "Stories and Songs across Cultures: Perspectives from Africa and the Americas." *Profession*. (Modern Language Association of America 2001) 24-38.

Thosaigh mé mo chuid cainte le hamhrán ar mhaígh mé faoi go raibh ceangal bunúsach idir an duine, an pobal, an teanga agus an áit i bhfostú ann. Ní in aon amhrán amháin atá an tuigbheáil sin le fáil ach i gcorpas iomlán na n-amhrán, agus tá oiread de bhrí sa traidisiún go bhfuil corramhrán a gcumadh i nGaeilge go fóill. Is léir go dtuigeann an file sna hamhráin seo an t-athrú mór a tháinig ar an oileán ó aimsir a óige féin i dtríochaidí na haoise seo a chuaigh thart, agus go bhfuil sé i gceist aige go bhfeicfí na hamhráin mar leacht cuimhneacháin ar an saol sin. Nuair a chantar na hamhráin seo i dToraigh, rud atáthar a dhéanamh ó cumadh iad le cupla bliain, cuireann siad deora ar shúile an dreama a chluineas iad. Ainneoin an chruaitin a bhain leis an tsaol atá léirithe ag Éamonn Ghráinne Mac Ruairí san amhrán "Bádaí na dTrí Seol" cuirim i gcás, smaoiníonn an dream anois ar na seandaoine a chuaigh rompu, a muintir féin agus ar a bhfaca siad féin d'athruithe lena linn féin. Dálta an chéad amhráin a tugadh anseo, is fiú focla an amhráin seo a thabhairt fosta:

Bádaí na dTrí Seoil

Éamonn Ghráinne Mac Ruairí

Anocht is mé ag meabhrú liom thart siar fán Ghaineamh Mór
Ar na curaigh is ar na bádaí ar na rámhaí is ar na seoil
A Rí nár mhéanar dá bhfeicfinn iad ag gabháil síos an Camas Mór
Is an fhoireann ag teannadh an éadaigh orthu is ag cur an *sprait* insa tseol mhór.

Nár dheas dá bhfeicfeas muid na bádaí seo arís ag teacht anoir ag Uamhaigh an Toir Mhóir
Cuid eile acu ag Carraig an Mhullacháin is iad istigh in imeall an chobhair,
Fear na Binne ag Ulaidh Mhórada is a bhearad go hard ina láimh
Is na scadáin ag déanamh srotha is iad istigh ag an Bhoilg Bhán.

Nár mhéanar a tchífeadh na bádaí seo arís agus iad faoi trí seoil
Fear na stiúrach is an scód ar a ghlúin aige is é ag amharc amach faoin tseol
Na *two pins*[27] ar thaobh an fhoscaidh ag cur na farraige go hard

---

[27] *Tuppins* an fuaimniú

Is fear eile i bpoll an taomtha is an capán ina láimh

Nach iomaí sin lá breá garbh bhí muid ag tarraingt ar tír mór
Le *jib* is le seol tosaigh is le cos déanta den tseol mhór
An Corrán ar Ghob an Iarthair againn is an ghaoth ag éirí ard
Is muid ag brath a ghabháil an Clochán ach bhí an fharraige rómhór

Le smaointiú siar ar an tsaol atá ann tá an t-am i bhfad níos fear
Níl bád le cur síos ná aníos againn ná curach le cur ar snámh
Níl bairneach le baint de chloch againn tá an t-iasc sna siopaí le fáil
Níl móin le tabhairt as tír mór againn tá an gual níos fusa a fháil

Ach caithfimid smaointiú ar na fir seo anois mar go bhfuil siad uilig ar lár
Nach iomaí sin lá mór fada a chaith siad amuigh ar an aibhléis mhór
Ag roiseadh is ag cornadh le sruth líonta agus le sruth trá
Tá súil as Rí na nGrást agam go bhfuil áit acu níos fearr.

Amhrán é seo a chum Éamonn mar leacht cuimhneacháin ar an saol a chonaic sé féin ach a d'athraigh as cuimse lena linn. Ó fuair sé féin bás sa bhliain 2010, is leacht é an t-amhrán air féin, agus is ráiteas údarásach é fosta ó dhuine de cheannairí an oileáin ar fhiúntas agus ar luach an tsaoil. Ní ag ceiliúradh an chruatain agus an anáis atá an t-amhrán, ach luachanna an chomhair, agus an teacht aniar a bhí sna daoine, d'ainneoin na ndúshlán a tháinig sa chasán orthu.

Arís, tá an t-amhrán déanta ar leibhéal na háite, leibhéal a bheir léargas ar an ghaol ghairid idir an timpeallacht, an ghnáthóg inár caitheadh an saol agus an duine agus an pobal. Tchítear dom gurb é an léiriú éifeachtach sin a spreagann mothú láidir na cumhaí sna héisteoirí, rud a nochtas doimhneacht na dáimhe agus na páirte atá acu lena ndúchas féin. Is iomaí ciall leis an fhocal dúchas. D'athraigh na bríonna sin in imeacht na mblianta ach tá an téarma ar cheann de chroífhocail na Gaeilge i gcónaí[28]. Is fiú

[28] Peter McQuillan. 2004. *Native and Natural: Aspects of the Concepts of Right and Freedom in Irish.* (Cork: Cork University Press).

smaoineamh ar bhrí an fhocail dúchas anseo mar thalamh bunaidh, áit bhreithe, láthair anma. Is beochan é ar mhothúchán an teasa, ar an díograis sinseartha as a bhfáisctear dílseacht an phobail dá áit agus dá mhuintir[29]. Is dual dúinn iarracht a dhéanamh teas seo an dúchais a thuigbheáil go cuimsitheach más mian linn na ceangail idir teanga, oidhreacht a bhrostú agus forbairt a chur chun tosaigh ar bhealach fónta indéanta. Mar a deir Chamberlin, a bhfuil eolas mór aige ar theangacha atá i mbaol:

> Language is the signature of individual and collective identity, and it makes those who do not speak it...less certain of their identity than those who do [30].

Níl sa pháipéar seo ach iarracht ghiortach le spléachadh a thabhairt ar na ceangail dhomhaine atá ag pobal lena n-áit agus mar a ghníomhaítear na naisc sin trí mheán an chultúir. Is fiú sa chás seo staidéar a dhéanamh ar an láithreán gréasáin, www.bealoideas.com[31], suíomh a thugann amharc níos iomláine go fóill ar shaibhreas béil cheantar an iarthuaiscirt, saibhreas nár cruinníodh go dtí tá deich mbliana anuas. Tá dlúthbhaint ag an ghréasán comhrá agus seanchais sin leis na hamhráin a phléigh mé go gonta anseo, agus léiríonn sé an obair mhór atá romhainn má táimid lenár substaint dhaonna chultúrtha a d'fhaibhrigh agus a d'fhorbair ar ár ndúchas a thabhairt chun cineáil agus ar láimh do ghlúinte eile.

---

[29] Peter McQuillan. 2008, 'Díograis in 'Aisling Aogáin Uí Rathaille,''in *Eighteenth- Century Ireland*, 23, 121-141.

[30] J. Edward Chamberlin & Levi Namaseb.. "Stories and Songs across Cultures: Perspectives from Africa and the Americas." *Profession*.(Modern Language Association of America 2001) 24-38.

[31] Dónall Ó Gallchóir, et al.. *Bailiúchán Béaloidis.* www.bealoideas.com. Gaoth Dobhair: Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge 2011.

Tagairtí

Beiner, Guy. 2007. *Remembering The Year of the French.* Madison: University of Wisconsin Press.

Bryce, Nuala. 1989. *An Irish Island's Sense of Place.* Tráchtas M.A. Ollscoil Dhún Éideann.

Chamberlin J. Edward & Namaseb Levi. 2001. "Stories and Songs across Cultures: Perspectives from Africa and the Americas." *Profession.* Modern Language Association of America, 24-38.

Cohen, Anthony. 1985. *The Symbolic Construction of Community.* London: Routledge.

Gadamer, Hans-Georg. 1989. *Truth and Method.* New York: Continuum.

Grin, Francois. 2003. "From Antagonism to Convergence: Economics and Linguistic Diversity." In Kirk and Ó Baoill, 213-223.

Hannerz, Ulf. 1992. *Cultural Complexity. Studies in the Social Organization of Meaning:* New York: Columbia University Press.

Hannigan, Margaret & Clandillon, Séamus. 1925. *Londubh an Chairn: Songs of the Irish Gaels.* Oxford: Oxford University Press.

Honko, Lauri. 1991. *The Folklore Process.* Turku: Folklore Fellows Summer Programme, 25-47.

Honko, Lauri. 1995. "Traditions in the Construction of Ethnic Identity and Strategies for Ethnic Survival. *European Review,* 3:2, 131-146.

Kirk, John & Ó Baoill, Dónall P. Eagí. *Towards our Goals in Broadcasting, the Press, the Performing Arts and the Economy: Minority Languages in Northern Ireland, the Republic of Ireland and Scotland.* Belfast Studies in Language, Culture and Politics 10. Belfast: Cló Ollscoil na Banríona.

Kroeber, A.L.and Kluckhohn Clive. 1952. *Culture: A Critical Review of Concepts and Definitions.* Papers of the Peabody Museum of Archaeology and Ethnology. Cambridge MA: Harvard.

MacDonald, Sharon. 1997. *Reimagining Culture: Histories, Identities and The Gaelic Renaissance.* Oxford: Berg.

Mac Grianna, Seosamh. 1936. *Pádraig Ó Conaire agus Aistí Eile.* Baile Átha Cliath: An Gúm.

McQuillan, Peter, 2004: *Native and natural: Aspects of the concepts of right and freedom in Irish.* Cork: Cork University Press.

McQuillan, Peter, 2008: 'Díograis in 'Aisling Aogáin Uí Rathaille,''in *Eighteenth-Century Ireland,* 23, 121-141.

Na Gopaleen, Myles. 1997 [1941]. *An Béal Bocht.* Corcaigh: Mercier.

Nettle Daniel & Romaine, Susan. 2000. *Vanishing Voices: The Extinction of the World's Languages.* Oxford: Oxford University Press.

Ní Uallacháin, Pádraigín. 2003. *A Hidden Ulster.* Dublin: Four Courts.

Ó Baoill, Colm. Eag. 2009 [1997]. *Amhráin Chúige Uladh.* Indreabhán: Cló Iar-Chonnacht.

Ó Buachalla, Breandán. 1993. "The Making of a Cork Jacobite." *Cork: History and Society.* Dublin: Geography Publications, XX_XX.

Ó Cadhla, Stiofán. 2011. *An tSlat Feithleoige: Ealaíona an Dúchais 1800-2000.* (Indreabhán: Cló Iar-Chonnacht).

Ó Colm, Eoghan. g.d. *Bailiúchán Amhrán as Toraigh.* Baile Átha Cliath: Taisce Cheol Dúchais Éireann.

Ó Cnáimhsí, Pádraig. 1987. *Róise Rua.* Baile Átha Cliath: Sairséal & Ó Marcaigh.

Ó Criomhthain, Tomás. 2002. Eag. S. Ó Coileáin. *An tOileánach:* Baile Átha Cliath. Cló Talbóid.

Ó Gallchóir, Dónall et al. 2011. *Bailiúchán Béaloidis.* www.bealoideas.com. Gaoth Dobhair: Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge.

Ó hÉanaí, Seosamh. 2007 *Ó Mo Dhúchas/From My Tradition: Sraith 1 & Sraith.* (Dlúthdhioscaí agus Leabhrán). Baile Átha Cliath: Gael Linn CEFCD 191.

Ó Laoire, Lillis. 2011. "Augmenting Memory, Dispelling Amnesia: The Songs of Róise Uí Ghrianna." *Dublin Review of Books* 17 (Geimhreadh/Earrach). www.drb.ie

Ó Laoire, Lillis 2002. *Ar Chreag i Lár na Farraige: Amhráin agus Amhránaithe i dToraigh.* Indreabhán: Cló Iar-Chonnacht.

Uí Laoi, Áine. Et. Al. 1996. *Seoda Sean-nóis as Tír Chonaill*. Dlúthdhiosca CICD 118. Indreabhán: Cló Iar-Chonnachta.

Walsh, John. 2011. *Contests and Contexts: The Irish Language and Ireland's Socio-Economic Development*. (Bern: Peter Lang).